## Tá 14 rian mar chuid de Scéim na Siúlóidí i gCo. Phort Láirge:

- Slí Dhéagláin
- Siúlán Ghleann Shruth Bhun Abha
- Siúlóid na hAile - Aird Mhór
- Siúlóidí Dhún Mór
- Na cúig Cosáin Oilithrigh Chnoc Mheilearaí
- Na ceithre Siúlóidí Ghleann na hUidhre
- Siúlóidí Lúibe an Bhuaile



# Scéim na Siúlóidí

Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge | Waterford Leader Partnership

Fáilte Ireland

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

Rural Recreation Officer

## Teagmháil

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le Scéim na Siúlóidí déan teagmháil le Niamh McGuinness, Oifigeach Áineasa Tuaithe ag:


086 1990221

niamh.mcguinness@wlp.ie

www.wlp.ie

Waterford LEADER Partnership CLG


***Páipéar 100% athchúrsáilte***

# Scéim na Siúlóidí



Comhpháirtíocht Leader Phort Láirge | Waterford Leader Partnership

## Scéim na Siúlóidí i gCo. Phort Láirge

Tá Scéim na Siúlóidí i bPort Láirge **á riar ag Comhpháirtíocht LEADER Phort Láirge CTR** thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus le cabhair ó Spórt Éireann Allamuigh agus Fáilte Éireann.

Ar fud na 14 de rianta atá faoi Scéim na Siúlóidí i gCo. Phort Láirge, tá:

- **os cionn 100 úinéir talún** ag obair i gcomhar le Scéim na Siúlóidí
- **62 km de rianta** á gcothabháil ag úinéirí talún



## Mar a oibríonn sé

Oibríonn Scéim na Siúlóidí le húinéirí talún chun na rianta atá ceadaithe ag Spórt Éireann Allamuigh agus atá liostaithe ar Chlár na Rianta Náisiúnta a fhorbairt, a fheabhsú agus a chothabháil.

Tugann úinéirí talún ar Scéim na Siúlóidí faoi obair chothabhála ar chodanna de na siúlóidí tosaíochta a thrasnaíonn a gcuid tailte. Mar thoradh ar an scéim, forbraíodh agus feabhsaíodh beagnach **150 rian ar fud na tíre** agus rinneadh idirbheartaíocht ar **chonarthaí cothabhála le níos mó ná 2,000 úinéir talún.**



## Tairbhí do Phobail Tuaithe

- **sruth ioncaim do phobail tuaithe,** le breis agus **EUR15m** íoctha le rannpháirtithe faoin Scéim ó 2017 i leith
- **EUR1.37m** sa bhreis **caite sa gheilleagar áitiúil**
- **poist bhreise** san fháilteachas agus san áineas faoin aer
- **fiontair nua ghnó** amhail rothair a fháil ar cíos agus siopaí caife
- imeachtaí sóisialta amhail **clubanna siúlóide agus féilte siúlóide**